Sainithníodh eagraíocht choiriúil mar chuid d'imscrúdú a bhí faoi stiúir OIPE san Aithin (an Ghréig) a líomhnaíodh go raibh baint aici le scéim chórasach calaoise fóirdheontais ar scála mór agus le gníomhaíochtaí sciúrtha airgid. Ar an 22 Deireadh Fómhair 2025, gabhadh 37 nduine a bhí faoi dhrochamhras, agus rinneadh cuardaigh ar fud na tíre.


Léirigh an t-imscrúdú go gcreidtear go raibh an grúpa ag feidhmiú ar fud na Gréige ó ar a laghad 2018, le struchtúr ceannasach soiléir agus ról ar leith dá chomhaltaí. Líomhnaítear gur bhain siad leas as bearnaí nós imeachta maidir le hiarratais aonair ar chabhair a chur isteach faoi chomhbheartas talmhaíochta (CBT) an Aontais, agus úsáid á baint acu as doiciméid fhalsaithe nó mhíthreoracha chun fóirdheontais talmhaíochta a éileamh ón nGníomhaireacht Heilléanach Íocaíochta agus Rialaithe um Chabhair Comhphobail Treoraíochta agus Ráthaíochta (OPEKEPE).

Bhí amhras ann freisin go ndearna comhaltaí na heagraíochta coiriúla talamh talmhaíochta agus féarach nár leo iad nó nár chomhlíon critéir incháilitheachta ar chor ar bith a dhearbhu go calaoiseach. Líomhnaítear

gur bhoilscigh siad an líon beostoic s'acu chun a dteidlíochtaí fóirdheontais a mhéadú. Creidtear gur eisigh na daoine a bhí faoi dhrochamhras sonraisc bhréagacha, gur chuir siad na cistí tríd an iliomad cuntas bainc, agus gur mheasc siad iad le hioncam dlísteanaigh d'fhonn bunús aindleathach na bhfáltas a cheilt. Líomhnaítear gur caitheadh cuid den airgead míleithreasaithe ar shó-earraí, ar thaisteal agus ar fheithiclí d'fhonn cuma sócmhainní dleathacha a chur ar na cistí.

Le linn an réamh-imscrúdaithe, sainithníodh 324 dhuine mar fhaighteoirí fóirdheontais, rud a ndearnadh damáiste measta de bhreis agus EUR 19.6 milliún do bhuiséad an Aontais dá bharr. Astu sin, measadh go raibh baint ag 42 díobh leis an gcás, agus measadh go raibh siad ina mbaill reatha den eagraíocht choiriúil. Is cosúil nach bhfuil aon nasc iarbhír ag an gcuid is mó acu leis an bhfeirmeoireacht, rud a thugann le tuiscint gurbh é an t-aon chuspóir a bhí lena rannpháirtíocht ná an chalaos a éascú.

Glacfar leis go bhfuil gach duine lena mbaineann neamhchiontach go dtí go gcruithófar a gciontachta sna cúirteanna dlí inniúla sa Ghréig.



CALAOIS CAITEACHAIS SOLÁTHAIR

Bhí baint ag thart ar **18 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025 le **calaois caiteachais soláthair** amhrasta. Is minic a léirítear an chalaos sin in **ionramháil neamhdhleathach nósanna imeachta tairisceana le haghaidh oibreacha poiblí**, amhail athchóiriú foirgneamh rialtais agus bonneagair iompair. Den chuid is mó, déantar calaois ar chaiteachas soláthair trí ráitis nó trí dhoiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair. Scaití, déantar brionnú doiciméad – ar cion é atá nasctha go dlúth – san am céanna.

Bhí rannpháirtíocht ag oifigigh phoiblí chama i gceist le roinnt de na cásanna sin.

I rith na tréimhse tuairiscithe shainaithe OIPE patrúin den chineál seo calaoise a bhain le cistiú ón Aontas in earnálacha amhail bonneagar agus forbairt réigiúnach, talmhaíocht, oideachas, cúram sláinte, taighde agus nuálaíocht, gnóthaí sóisialta agus acmhainní daonna. Ina theannta sin, tá imscrúdú á dhéanamh ar chalaos i dtaca le cistí atá bainteach le paidéim COVID-19.

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- Dearbhuíthe bréagacha a chur isteach i nósanna imeachta tairisceana, lena n-áirítear bréaglériú a thabhairt, trí bhíthin doiciméid bhréagacha, smachtbhannaí a fholú, dócmhainneacht a cheilt, nó míthuairiscíú a dhéanamh ar cháilíochtaí chomhaltai cuibhreannais, d'fhonn comhlíonadh na gceanglas tairisceana a chur in iúl go bréagach;
- Doiciméid bhréagacha a chur isteach chun cáilíocht na n-oibreacha nó na n-ábhar a comhaontaíodh de réir conartha a cheilt (e.g. sárú ar cheanglais theicniúla, easpa ceadanna riachtanacha comhshaoil nó úsáid ábhar ar chaighdeán níos ísle) nó sonraisc a chur i láthair le haghaidh costais neamh-incháilithe nó ar phraghas ró-ard (e.g. táillí saineolaithe) nó le haghaidh seirbhísí nár seachadadh go hairbhír (e.g. oibreacha nár cuireadh i gcrích);
- Tairiscint chlaonpháirteach, go háirithe i dtionscail a mbíonn iomaíocht theoranta nó saineolas speisialaithe i gceist leo, cúbláil tairiscintí, nó 'fabhraíocht' neamhdhleathach (amhail tionchar a imirt ar bhoird roghnúcháin, sonraíochtaí teicniúla róshrianta a chur i bhfeidhm d'fhonn tairgeoirí eile a eisiáimh, agus coinbhleachtaí leasa a cheilt) atá nasctha le conarthaí poiblí atá beartaithe chun an tairiscint a bhronnadh ar oibreoir eacnamaíoch ar leith;
- Scoilteadh d'aon ghnó tairisceana ag an údarás bainistíochta ina nósanna imeachta éagsúla lena gceadaítear do na tairbhíthe céanna meastóireacht ag an gCoimisiún Eorpach a sheachaint.

An Bhulgáir: Ceathrar cúisithe i gcalaois soláthair phoiblí EUR 94.5 milliún a bhain le córais chomharthaíochta iarnróid⁵⁰



Ar an 13 Eanáir 2025 thionscain OIPE i Sóifia (an Bhulgáir) cúisimh chalaos i gcoinne tríúr a bhí faoi dhrochamhras⁵¹, de thairbhe imscrúdú ar thionscadal chun córais chomharthaíochta agus teileachumarsáide a dhearadh agus a thógáil ar ghréasán iarnróid na Bulgáire. B'fhiú os cionn EUR 94.5 milliún (BGN 184 999 094.97) i maoiniú ón Aontas an tionscadal, a bhain leis an gcuid den iarnród idir Plovdiv agus Burgas.

Bronnadh an conradh ar chomhfhiontar a bhí comhdhéanta de cheithre chuideachta. Cúisíodh beirt bhainisteoirí de chuideachta Iodálach agus bainisteoir de chuideachta Bhulgáirach amháin, a bhí ina rannpháirteach sa chuibhreannas a bhuaigh an conradh, as calaois soláthair phoiblí. Cúisíodh iar-stiúrthóir ar an gCuideachta Náisiúnta um Bonneagar Iarnróid freisin.

De réir an imscrúdaithe, chuir ionadaithe dlíthiúla an chuibhreannais faisnéis bhréagach ar fáil don Chuideachta Náisiúnta um Bonneagar Iarnróid chun maoiniú a fháil ón Aontas. Mhaígh siad go raibh taithí ag comhlacht amháin ar 'Global Systems for Mobile Communication on Railway' (GSM-R) agus ar 'Future Railway Mobile Communication System (FRMCS)', ach ní raibh ag ceachtar acu. Shínigh an t-iar-stiúrthóir ginearálta an conradh agus na híocaíochtaí formheasta fós féin, d'ainneoin go líomhnaítear go raibh a fhios aige go raibh an fhaisnéis bréagach. Gheall an chuibhreannas freisin go ndéanfadh siad an obair iad féin, ach cuireadh an obair amach ar fochonradh ní ba dhéanaí do chuideachta Ostarach a cuireadh as an áireamh roimhe sin toisc nár chomhlíon sí na riachtanais theicniúla.

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Bulgáire.



CALAOIS IONCAIM CALAOIS CBL

Faoi dheireadh 2025, bhain thart ar **18 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE leis na cineálacha is tromchúisí de **chalois CBL, a bhain le dhá Bhallstát den Aontas nó ní ba mhó ná sin**, agus lenar ndearnadh damáiste iomlán de EUR 10 milliún ar a laghad. Léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil eagraíochtaí coiriúla a bhíonn i mbun calaois CBL tar éis tosú ar scéimeanna calaoise eile a cheapadh, rud atá ag tarlú mar thoradh díreach ar na bearta atá glactha ag OIPE ina n-aghaidh.

Tá scéimeanna líneacha calaoise atá níos ilroinnte á bhforlónadh le calaois rothlach thraidisiúnta, ar chineál calaoise é ina ngoidtear cáin bhreisluacha go díreach ó chustaiméirí seachas í a éileamh mar aisíocaíochtaí ó údaráis chánach. Ina theannta sin, tá raon na n-earraí agus na seirbhísí lena mbaineann leathnaithe chun iad siúd a bhfuil éileamh mór orthu ar mhargadh an Aontais a chuimsiú.

De ghnáth, is eagraíochtaí coiriúla a bhíonn i mbun an chineál seo calaoise, i gcomhthéacs éiceachóras calaoiseach, mar dhea, a fhágann gur féidir leo titim isteach le trádálaithe dlísteanaigh agus aitheanta. Is é is aidhm do shofaisticiúlacht na líonraí coiriúla sin idirghníomhaíocht le fiontraithe macánta a chumasú chomh maith le sciúradh airgid ó choireanna éagsúla, rud a fhágann go mbíonn cuma dhlisteanach ar na

gníomhaíochtaí sin. Mar thoradh air sin, tá fuadar anois faoi úsáid na calaoise CBL chun airgead a sciúradh d'fhonn ioncam neamhdhleathach a ghlanadh agus a ghiniúint. Léiríodh le naisc le seirbhísí gairmiúla sciúrtha airgid ceangail bhreise idir calaois CBL agus coireanna tromchúiseacha agus foréigneacha eile, patrún a d'éirigh i bhfad ní b'infheicthe le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tharla calaois CBL go príomha trí dhíol earraí leictreonacha amhail fóin phóca, cluasáin agus tiomántáin chrua, chomh maith le gluasteáin athlámhe, ór, só-earraí, breosla agus táirgí gaolmhara, polaiméirí, earraí tomhaltais laethúla, ábhar digiteach amhail ceadóin bogearraí, mar aon le roinnt seirbhísí. Tá OIPE i mbun imscrúdú a dhéanamh ar chalois CBL a dhéantar trí thrádáil earraí incháinite (alcól, breosla, tobac), bealach atá á úsáid ag líonraí coiriúla le fada an lá, ach atá á shaothrú anois níos mó agus níos mó trí bhíthin slabhraí soláthair casta CBL a aithníonn siad mar uirlis éifeachtach chun cur lena bhfáltais neamhdhleathacha.


Ag an am céanna, tá eagraíochtaí coiriúla a mbíonn lámh acu i gcionta CBL ag éirí níos neamhspleáiche agus níos féinchothaithe, agus iad ag bunú agus ag rialú na seirbhísí agus na mbonneagar atá riachtanach chun calaois a chur i gcrích (lóistíocht, margáí, soláthraithe seirbhíse íocaíochta, etc.).

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- **Calaois fála agus calaois rothlach arna déanamh ag eagraíochtaí coiriúla ach gréasán ollmhór cuideachtaí ilchuspóireacha a chruthú agus a rialú** (e.g. cainéalcuideachtaí, trádálaithe ar iarraidh, cuideachtaí caocha, bróicéirí, etc.) ar bhealach níos ilroinnte, arb é is aidhm dó CBL a ghoid agus sócmhainní a fuarthas ar dhrochbhealaí a sciúradh ó choireanna eile;
- **Scéim calaoise corrlaigh** lena mbaineann an cháin a ghearrtar ar an gcorrlach brabúis a laghdú go calaoiseach in ionad an phraghais díola, agus úsáid á baint as sonraisc bhréagacha d'earraí athlámhe;
- **Tras-sonrascadh ach an fiachas CBL a cheilt i gcreidmheasanna CBL bréige** arna ngineadh ó oibríochtaí intíre;
- **Calaois ríomhthráchtála** (córas ginearálta CBL, ionad ilfhreastail [OSS] agus ionad ilfhreastail allmhairiúcháin [IOSS]), ach mí-úsáid a bhaint as margáí atá ann cheana nó trí shiopaí dílse ar líne a bhunú chun earraí agus seirbhísí a dhíol;
- **Calaois CBL trí mhí-úsáid Nós Imeachta Custaim 40 nó 42 le hiarchur CBL**, i gcás go gcuirtear trádálaithe ar iarraidh ar bun ach de rún na dlíteanais CBL a 'íonsú' agus, ar an gcaoi sin, íocaíocht CBL ar thrádáil earraí a sheachaint. Is minic a chomhcheanglaítear an cineál sin calaoise leis an gcéad patrún a mhínítear thuas;
- **Calaois CBL a dhéanann daoine príobháideacha ach úsáid a bhaint as cuideachtaí caocha** agus as cuideachtaí muilinn páipéir, mar a thugtar orthu, a eisíonn sonraisc le haghaidh oibríochtaí nach ann dóibh, i ndáil le hallmhairiú earraí isteach san Aontas a tháirgtear i dtíortha nach de chuid an Aontais iad;
- **Calaois CBL lena mbaineann damáiste níos lú ná EUR 10 milliún**, a imscrúdaítear mar chionta atá nasctha go dlúth le scéimeanna calaoise dleachta custaim, ós rud é gur minic a dhéantar an dá chineál cionta coiriúla trí bhíthin na ngníomhartha céanna.



Imscrúdú 'Fuel family': Urghabhálacha tugtha i gcrích san Iodáil mar thoradh ar imscrúdú calaoise CBL ar luach EUR 260 milliún⁵²



Ar an 14 Samhain 2025, ar iarratas ó OIPE in Bologna agus in Napoli (an Iodáil), rinne Póilíní Airgeadais na hIodáile (Guardia di Finanza) in Napoli gabhálacha coisctheacha mar chuid d'imscrúdú ar scéim chalaioise CBL EUR 260 milliún a bhain le líonra coiriúil a líomhnaítear a d'allmhairigh breosla isteach ar mhargadh na hIodáile agus CBL á seachaint acu go córasach.

Bhain na sócmhainní a gabhadh leis an gcuideachta a bhí faoi úinéireacht cheannaire an líonra coiriúil, fiontraí as Campania, a ciontaíodh ag an gcéad chéim ar an 15 Deireadh Fómhair agus a gearradh pianbhreith ocht mbliana príosúin agus fineáil EUR 8 600 air, mar aon le coigistiú sócmhainní suas le EUR 73 milliún, maille le cosc ar ghníomhaíocht ghnó.

Bunaithe ar an bhfianaise, cláraíodh an chuideachta go foirmiúil in ainm chéile an chiontaigh ach, i ndáiríre, ba eisean a bhí i gceannas uirthi. Bhí stóras cánach aige in Magenta (cúige Milano), a úsáideadh chun na scéimeanna calaoise rothlacha CBL a bhain le trádáil breosla a éascú.

Ní ba luaithe san imscrúdú, i Márta 2024, díchóimeáladh an eagraíocht coiriúil – a raibh 59 nduine faoi dhrochamhras agus 13 chuideachta

páirteach inti – a bhí taobh thiar den scéim. Ordaíodh bearta breithiúnacha i gcoinne ocht nduine aonair, lena n-áirítear na cinn feadhna faoi dhrochamhras. A bhui leis an imscrúdú, sainaitníodh agus gabhadh sócmhainní arbh fhiú EUR 20 milliún iad in Aibreán na bliana sin, lena áiríodh ionad turasoíreachta agus breis agus 150 réadmhaoin ar leis an sindeacáit choiriúil iad.

I gcoirlár na scéime coiriúla bhí comhlachas coiriúil, a raibh naisc theaghlaigh idir a chomhaltaí uaireanta, a rinne calaois ollmhór CBL san earnáil trádála breosla, le brainsí de san Iodáil agus thar lear. De réir thorthaí an imscrúdaithe, allmhairíodh an breosla ó sholáthraithe a bhí lonnaithe sa Chróit agus sa tSlóivéin, chomh maith le tíortha eile, ach úsáid a bhaint as slabhra de ní ba mhó ná 40 trádálaí ar iarraidh san Iodáil, a d'ímigh as radharc gan a gcuid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

Creidtear gur gineadh sonraisc le haghaidh idirbheart ionsamhlaithe arbh fhiú os cionn EUR 1 bhilliún iad de dheasca na ngníomhaíochtaí calaoiseacha, rud a raibh damáiste measta de thart ar EUR 260 milliún i CBL neamhíochta i gceist leis. Bhí amhras ann freisin go raibh an eagraíocht coiriúil i mbun sciúradh ar bhreis is EUR 35 mhilliún de na fáiltais mhídhleathacha ach úsáid a bhaint as cuntais bhainc cuideachtaí a bhí lonnaithe san Ungáir agus sa Rómáin. Tugadh an méid sin in airgead tirim ar láimh do dhéantóirí na calaoise i ndeireadh na dála trí bhíthin aistarraingtí córasacha bainc. Leis an gcalaois CBL cuireadh ar chumas na heagraíochta freisin an breosla a athdhíol ar phraghsanna thar a bheith buntáisteach, rud a bhí ina shaobhadh de phrionsabail na hiomaíochta cothroma ar an margadh.

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na hIodáile.



CALAOIS IONCAIM CALAOIS CHUSTAIM

Na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025, bhain **12 %** díobh le calaois chustaim. Go háirithe, **tearcluacháil, mí-úsáid nósanna imeachta custaim, contrabhanna, smuigleáil tobac, agus calaois a bhain le dleachtanna frithdhumpála.**

Déantar na cionta sin den chuid is mó ach ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair, nó, i lear mór cásanna, trí bhíthin smuigleála, in éagmais doiciméadacht ar bith.

Bíonn tionchar ag an gcineál sin calaoise ar raon leathan táirgí, lena n-áirítear teicstílí, leictreonaic, tileanna ceirmeacha, rothair leictreacha, carranna, ábhair thionsclaíocha amhail próifílí alúmanaim, píopaí cruach, agus snáithínghloine, chomh maith le hearraí a smuigleálar go coitianta amhail tobac, rothair, comhpháirteanna tionsclaíocha, páirteanna spártha, soláthairtí leighis (amhail maisc agus gúnaí), cosmaidí, painéil ghréine agus bithdhíosal.

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- Dearbhuithe custaim, sonraisc agus doiciméid iompair atá bréagach nó mícheart a chur isteach chun dleachtanna custaim agus frithdhumpála a sheachaint nó a laghdú go mór, de ghnáth ach tearcluacháil a dhéanamh ar na hearraí allmhairithe, ach iad a mhí-aicmiú chun ráta dleachta níos ísle a chur i bhfeidhm, nó ach dearbhú bréagach a dhéanamh ar an táirgeoir nó ar an tír thionscnaimh, rud a fhágann go mbíonn cailteanas díreach substaintiúil ann do bhuiséad an Aontais;
- Dearbhuithe bréagacha allmhairiúcháin custaim maidir leis na hoibríochtaí cóimeála a dhéantar ar na hearraí allmhairithe (a chóimeáiltear i mBallstát den Aontas nó i dtír nach de chuid an Aontais í ó chomhpháirteanna de thionscnamh na Síne, e.g. rothair), d'fhonn dleachtanna custaim a sheachaint;
- Mí-úsáid Nós Imeachta Custaim 42, i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an dearbhaithe custaim, agus/nó má luaitear inneachar an dearbhaithe custaim go mícheart (e.g. ach luach an idirbhirt a thearcluacháil);
- Mí-úsáid an nós imeachta idirthurais sheachtraigh (T1), trína ndearbhaítear go bhfuil earraí, amhail teicstílí agus coisbheart, ceaptha do chuideachtaí i mBallstáit eile ach nach gcuirtear faoi bhráid oifigí custaim na mBallstát sin riamh iad, rud a fhágann gur féidir iad a atreorú chuig an margadh dubh agus nach n-íoctar dleachtanna allmhairithe dá bharr;
- Allmhairiú rothar leictreach, a chóimeáiltear faoi seach ó chomhpháirteanna rothar, a bhí faoi réir dleachtanna frithdhumpála trí bhíthin dearbhú bréagach a dhéanamh maidir le tionscnamh na n-earraí. Ina theannta sin, déantar earraí a mhí-aicmiú nó a thearcluacháil ag an tseiceáil chustaim ó am go chéile chun na dleachtanna is infheidhme a laghdú. Bíonn scéimeanna mar sin ag brath níos mó agus níos mó ar nósanna imeachta casta agus carntha um chalaos chustaim atá deartha chun brath náisiúnta a sheachaint;
- Smuigleáil tobac trí allmhairiú neamhdhleathach táirgí tobac isteach san Aontas, ach iad a chur i bhfolach i gcoimeádáin agus a dhearbhu go bréagach mar earraí eile, sula ndáiltear ar an margadh dubh iad. Is minic a bhaineann an cleachtas sin le mí-úsáidí custaim amhail onnmhairiú bréagach agus trasloingsiú, a dhéantar de ghnáth trí líonraí coiriúla sofaisticiúla trasteorann;
- Calaois ríomhthrachtála, go háirithe calaois a bhaineann le hearraí a allmhairítear ón tSín agus saothrú scéimeanna simplithe – amhail ionad ilfhreastail allmhairithe (IOSS) – d'earraí nach mó a luach ná EUR 150, úsáidtear í chun dleachtanna custaim agus CBL a sheachaint.



CALAOIS IONCAIM CALAOIS CHUSTAIM

Imscrúdú 'Calypso': An ghabháil is mó de choimeádán in AE i gcás custaim EUR 800 milliún le hallmhairí calaoiseacha ón tSín⁵³



AN AITHIN

I Meitheamh 2025, bhuail ruathar comhordaithe de chuid OIPE in Aithin (an Ghréig), i Maidrid (an Spáinn), i bPáras (an Fhrainc) agus i Sofía (an Bhulgáir) buille suntasach do líonraí coiriúla a chuir margadh an Aontais thar maoil le hearraí a allmhairíodh go calaoiseach ón tSín, agus iad dleachtanna custaim agus CBL á seachaint acu san am céanna. Creidtear gur cruthaíodh damáiste measta de thart ar EUR 800 milliún de dheasca na scéime coiriúla, lena bhain allmhairíú ollmhór fabraicé, bróga, scúitair leictreonacha, rothair leictreonacha agus earraí eile.



Leis an imscrúdú, ar tugadh an códainm 'Calypso' air, clúdaiodh 14 tír: An Bhulgáir, an tSín, an tSeicia, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn. Rinneadh 101 chuardach san iomlán in oifigí bróicéirí custaim, ar chuideachtaí iad a bhí a rialú ag na heagraíochtaí coiriúla a bhí faoi imscrúdú, in áitreabh na ndaoine a bhí faoi dhrochamhras, agus in oifigí comhairleoirí cánach agus ionadaithe, dlíodóirí, cuntasóirí agus cuideachtaí iompair, sa Bhulgáir, sa Fhrainc, sa Ghréig agus sa Spáinn. Gabhadh deichniúr a bhí faoi dhrochamhras, lena áiríodh beirt oifigeach custaim.



Bunaithe ar fhianaise thosaigh a bhailigh Custaim na Gréige (AADE/IAPR) i bPiréas, cúisíodh beirt oifigeach custaim i ndeimhniú falsa arís agus arís eile, as gnóthachain neamhdhleathacha agus damáiste a dhéanamh do bhuiséad an Aontais, agus as neartú le calaois chustaim. Ina theannta sin, cúisíodh ceathrar bróicéirí custaim i gcalaois custaim arís agus arís eile, i seachaint dleachtanna agus cánacha custaim, agus i ngríosú chun deimhnithe fhalsa.

Ó rinneadh an ruathar comhordaithe i Meitheamh i leith, tá 2 435 choimeádán loingseoireachta gafa ag OIPE ag calafort Phiréas. Meastar gur fiú thart ar EUR 250 milliún na hearraí a gabhadh, arbh iad rothair leictreacha, teicstílí agus coisbheart den chuid is mó. Is í sin an urghabháil choimeádán is mó san Aontas riamh.



Díríonn imscrúdú OIPE, Calypso, ar roinnt líonraí coiriúla a rialaíonn an ciorcad iomlán d'earraí a allmhairítear ón tSín isteach san Aontas, lena n-áirítear dáileadh ar fud na mBallstát agus díolacháin do chustaiméirí deiridh, agus dleachtanna custaim á seachaint agus calaois CBL ar scála mór á déanamh san am céanna. Meastar go raibh an sásra calaoiseach sin ar bun le hocht mbliana ar a laghad, agus d'eascair cailteanais mheasta de EUR 350 milliún i ndleachtanna custaim agus EUR 450 milliún in CBL as. Bhí na líonraí páirteach freisin i sciúradh airgid agus go raibh siad ag cur an bhrabúis ar ais chuig a dtír thionscnaimh.

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Gréige.



ÉILLIÚ

Bhain thart ar **5 %** de na cionta a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025 le **héilliú gníomhach agus éighníomhach oifigeach poiblí** (oifigigh an Aontais agus oifigigh náisiúnta araon).

Is annamh a bhíonn an t-éilliú ina chion aonair, agus is minic a dhéantar í in éineacht le scéimeanna calaoise caiteachais agus calaoise ioncaim (CBL agus custaim).

Fuarthas amach go bhfuil nósanna imeachta soláthair phoiblí i mbaol gníomhaíochta éillitheacha ag oifigigh phoiblí, cibé acu ina gcáil mar bhaill de phainéil mheastóireachta nó ach iarrachtaí aindleathacha tionchar a imirt ar chinnteoireacht i nósanna imeachta mar sin. Is léir an méid sin go háirithe in earnálacha soláthair ardluacha agus speisialaithe amhail cúram sláinte, bonneagar agus teicneolaíocht, rud lena dtugtar le fios leochaileachtaí i sásraí maoirseachta.

Tá ról méadaitheach ag eagraíochtaí coiriúla i scéimeanna éillithe a bhíonn ag feidhmiú go minic ar fud tíortha éagsúla. Is féidir leis an éilliú a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a nascadh le coireanna tromchúiseacha eile, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh de raon feidhme OIPE, amhail gáinneáil ar dhruaí, smuigleáil daoine, agus gáinneáil ar airm.

I measc na bpatrún coiteann den chineál seo calaoise tá:

- **Breabaireacht oifigeach poiblí**, mar mhalairt ar dhámhachtain chistí an Aontais i gcomhair tionscadail shonracha nó tograí seirbhíse sonracha;
- **Breabaireacht oifigeach poiblí**, mar mhalairt ar chostais bhreise neamh-incháilithe agus bhoilscithe formheasta ag céim chur i gcrích an tionscadail;
- **Cúbláil dhigiteach**, amhail bunachair sonraí nó sonraisc leictreonacha a athrú, mar thoradh ar mhaoiniú méadaithe ón Aontas chun córais riaracháin agus airgeadais a dhigitiú, rud lenar tugadh leochaileachtaí nua isteach.

An tSeicia: Géaréilliú agus EUR 160 milliún i gcalaois fóirdheontais AE in earnáil an chúraim sláinte nochtaithe ag OIPE⁵⁴



Ar an 24 Feabhra 2025, in imscrúdú faoi stiúir OIPE in České Budějovice (an tSeicia), ghabh oifigigh forfheidhmithe dlí 22 dhuine, agus cuireadh 46 chuardach i gcrích.

De réir thorthaí an imscrúdaithe, bhí 16 dhuine a bhí faoi dhrochamhras i mbun leas a bhaint go córasach as nósanna imeachta soláthair poiblí ach gnóthachain mhídhleathacha airgeadais a éileamh agus a sholáthar maidir le conarthaí d'Ospidéal Ollscoile Motol i bPrág, an t-ospidéal is mó sa tír, a thabhairt i gcrích.



Bhí forais réasúnacha chun a chreidiúint go raibh éilliú tromchúiseach tar éis cur isteach ar chur i bhfeidhm tionscadal a fuair maoiniú nó comh-mhaoiniú ón Aontas tríd an bPlean Náisiúnta Téarnaimh de chuid na Seicia agus trí Chiste Comhtháthaithe na hEorpa (Clár Oibríochtaíil 2014-2020 um an gComhshaol), arbh fhiú breis agus EUR 160 milliún (CZK 4 bhilliún) san iomlán é.

Chun tuilleadh fianaise a bhailiú, rinne ní ba mhó ná 350 oifigeach póilíneachta 46 chuardach ar fud na Seicia, lenar áiríodh ar an ospidéal, ar áitribh thráchtála agus ar ghnólacht dlí amháin.

Cúisíodh 16 dhuine a bhí faoi dhrochamhras as éilliú, calaois fóirdheontais, difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais agus sciúradh airgid. Cúisíodh iad uile bunaithe ar a rannpháirtíocht aonair.

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Seicia.



MÍLEITHREASÚ

Bhain beagnach **4 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025 le míleithreasú.

Tarlaíonn míleithreasú má dhéanann oifigeach poiblí a bhfuil sé de chúram orthu cistí nó sócmhainní a bhainistiú iad a ghealladh, a íoc amach, a leithreasú nó a úsáid chun críche seachas an cuspóir a beartaíodh dóibh ar dtús, agus dá bhrí sin go ndéantar damáiste do leasanna airgeadais an Aontais.

Is minic a thagann míleithreasú chun cinn nuair a bhaineann oifigeach poiblí a mí-úsáid as a bpost chun cistí an Aontais a atreorú agus a fháil go héagórach nó go neamhdhleathach, mar a léirítear leis na cleachtais seo a leanas a tugadh faoi deara in imscrúduithe OIPE:

- ⊙ **Doiciméid nó sonraisc bhréagacha a chur isteach** a dtaca le poist bhréige nó éilimh aisíocaíochta neamhdhlite (éilimh aisíocaíochta bunaithe ar chostais bhréige, costais liúntas);
- ⊙ **Luach saothair oifigiúil AE a aistriú** chuig daoine aonair nach bhfuil i dteideal iad a fháil (e.g. chuig gaolta nó comhlaigh a chuirtear i ról chúntóra, gan e a bheith beartaithe go ndéanfaidís na cúraimí atá dóibh). Féadann sé sin tarlú freisin agus aon chineálacha doiciméad (lena n-áirítear bileoga ama, tuarascálacha) á ndeimhniú do bhaill foirne nár oibrigh riamh san áit nó sa ról a dearbhaíodh ina leith;
- ⊙ **Acmhainní a fhaigheann maoiniú ón Aontas a dhíriú ar eintitis éagsúla** a bhíonn á rialú ar deireadh ag an oifigeach poiblí féin, go pearsanta nó trí bhíthin daoine aonair idirchurtha.

An Pholainn: Cuardaigh in imscrúdú ar mhí-úsáid cumhachta amhrasta i dtionscadal a bhí á mhaoiniú ag AE⁵⁵



Ar an 9 Deireadh Fómhair 2025, ar iarratas ón OIPE in Katowice (an Pholainn), rinne an Biúró Lárnach Frith-Éillithe (Centralne Biuro Antykorupcyjne – CBA) cuardaigh in Nowy Sącz in imscrúdú ar mhí-úsáid amhrasta ina raibh baint ag oifigigh phoiblí agus maoiniú ón Aontas.

Bhain an t-imscrúdú le mí-úsáid cumhachta amhrasta ag oifigigh phoiblí ó chathair Nowy Sącz agus a eintitis fho-ordaithe, a líomhnaítear a rinne cúbláil ar thairiscint phoiblí idir Deireadh Fómhair agus Samhain 2024 chun buntáiste airgeadais éagórach de EUR 600 405 (PLN 2.6 milliún) a fháil do Ghníomhaireacht Forbartha Réigiúnaí Sądecka SA. Bhain an tairiscint le heagrú cúrsaí agus ceardlann faoin tionscadal 'Forbairt an Ionaid um Chumais Ghairme (CKZ) in Nowy Sącz', atá comh-mhaoinithe ag an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) faoin gclár Cistí Eorpacha do Małopolska 2021-2027, a raibh ranníocaíocht fhoriomlán ón Aontas de thart ar EUR 1 mhilliún (PLN 4.4 milliún) i gceist leis.

Rinneadh na cuardaigh ar Halla na Cathrach in Nowy Sącz, ar Ionad Tiomsaithe Airgid agus Fiontraíochta Nowy Sącz, agus ar Ghníomhaireacht Forbartha Réigiúnaí Sądecka SA, d'fhonn teacht ar fhianaise amháil doiciméid agus gléasanna leictreonacha a bhí bainteach le tairiscint phoiblí a bhí ag fáil maoiniú ón Aontas.

De réir thorthaí an imscrúdaithe, nochtadh faisnéis rúnda faoi bhuiséad beartaithe an údaráis conraithe d'ionadaithe de chuid Ghníomhaireacht Forbartha Réigiúnaí Sądecka SA. Chuir sé sin ar chumas na gníomhaireachta tairiscintí a chur isteach a bhí ag teacht go dlúth leis an maoiniú a bhí ar fáil agus an tairiscint a bhuanach. D'fhéadfadh sé go ndearnadh dochar do shláine an nós imeachta soláthair phoiblí, agus do leas an phobail fosta, as siocair na ngníomhaíochtaí sin.

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán i ndiaidh tuairisc a cuireadh faoi bhráid OLAF, a thuairiscigh í do OIPE ansin.

De réir Chód Coiriúil na Polainne, féadfaidh duine a mbíonn baint acu le bac a chur ar thairiscintí nó le camastail tairiscintí pionós a sheachaint má thuairiscíonn siad an cion go deonach, agus má nochtann siad na cúinsí ábhartha go léir d'údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó d'íomaíochta i mBallstát den Aontas, nó don Choimisiún Eorpach, sula dtagann na húdaráis ar an eolas faoi.

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Polainne.



SCIÚRADH AIRGID

Bhain thart ar **10 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025 le sciúradh airgid arbh iad na cionta coiriúla thuasluaite ba chúis leo agus a raibh OIPE inniúil maidir le himscrúdú a dhéanamh orthu.

Is é sciúradh airgid an próiseas trína ndéantar fáltais ó choireacht a 'ghlanadh' ionas go gcuirtear a mbunús neamhdhleathach i bhfolach. Is i gcásanna calaoise CBL is mó a fheictear sciúradh airgid in imscrúduithe leanúnacha OIPE. Féadfar é a dhéanamh freisin le maoin a dhíorthaítear ó thearcluacháil dleachtanna custaim (calaois ioncain neamh-CBL) nó ó chalaos chaiteachais.

Úsáideann coirpigh córais airgeadais faoi cheilt chun idirbhearta agus íocaíochtaí a phróiseáil ar shiúl ó shárasaí faireachais. Fostaíonn siad idirghabhálaithe airgeadais oifigiúla freisin trí fháltais ó choireacht a aistriú chuig cuntais bhainc cuideachtaí a cruthaíodh thar lear nó a bhíonn á mbainistiú ag baill teaghlai, agus is féidir an t-airgead a aistarraingt in airgead tirim ina dhiaidh sin.

Déantar sciúradh airgid freisin trí eastát réadach nó só-earraí a cheannach agus iad a athdhíol – rud a fhágann go mbíonn sé níos deacra na cistí a rianú – agus trí bhrabúis ó ghníomhaíochtaí coiriúla a athinfeistiú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha i margaí dleathacha nó aindleathacha (amhail gáinneáil ar dhruaí).

Bíonn líonraí coiriúla ag brath níos mó agus níos mó ar ghairmithe speisialaithe, ar chuntasóirí, ar dhlíodóirí agus ar bhróicéirí, a éascaíonn an próiseas sciúrtha. Feidhmíonn cuid acu thar ceann roinnt eagraíochtaí coiriúla, agus iad ina ngníomhaithe móra sna scéimeanna seo agus, mar sin, ina bpríomh-éascaitheoirí don bhonneagar airgeadais neamhdhleathaigh.

Tá sé léirithe ag imscrúduithe OIPE le déanaí go dtagann cásanna de sciúradh airgid chun cinn go hiondúil mar chomhscéimeanna seachas mar mhodhanna ar leithligh, lena n-áirítear:

- **Úsáid criptea-airgeadraí agus sócmhainní digiteacha,** lena gceadaítear aistriú tapa agus trasteorann ar chostas íseal chun tionscnamh agus ceann scríbe na bhfáltas coiriúil a cheilt;
- **Aistrithe chuig tearmainn chánach:** Aistrítear cistí aindleathacha chuig tearmainn chánach nó chuig tíortha neamh-chomhoibríocha, rud a chuireann constaicí i mbealach iarrachtaí an t-airgead a aisdúichiú fiú nuair atá a shuíomh ar eolas;
- **Sciúradh airgid trádáilbhunaithe:** Déanann coirpigh airgead neamhdhleathach a cheilt trí idirbhearta casta trádála, amhail iasachtaí bréige agus sonraisc, chun go mbeidh an chuma ar an scéal go bhfuil na cistí dlísteanaigh. Is minic a bhíonn nasc idir an tseift sin agus scéimeanna calaoise CBL;
- **Córais bhaincéireachta neamhfhoirmiúla agus neamhrialáilte a úsáid:** Braitheann déantóirí ciona ar chórais neamhfhoirmiúla aistrithe airgid, amhail baincéireacht *hawala*, nó líonraí neamhúdaraíthe comhthreomhara, go háirithe chun cistí a aistriú chuig suíomhanna níos sábháilte amhail a dtíortha tionscnaimh;
- **Teicnící sciúrtha airgead bunaithe ar airgead tirim:** Is bealaí coitianta iad modhanna amhail 'smurfáil' (suimeanna móra airgid a bhriseadh aníos i dtascí níos lú chun brath a sheachaint) agus smuigleáil airgid thirim (suimeanna móra d'airgead tirim a iompar thar theorainneacha gan iad a dhearbhu) d'fhonn fáltais aindleathacha a bhogadh agus a cheilt.
- **Scéimeanna níocháin hibrídeacha,** lena gcomhcheanglaítear modhanna traidisiúnta (airgead tirim, eastát réadach, struchtúir dhlíthiúla ghnó) le teicnící níos nuai, lena n-áirítear úsáid cripteashócmhainní mar mheáin infheistiúchá.

Imscrúdú 'Ambrosia': Cuardaigh tugtha i gcrích ag OIPE in Cabo Verde mar chuid d'iniúchadh ar sciúradh airgid.⁵⁶



Ar an 1 Lúnasa 2025, ar iarratas ó OIPE i Liospóin (an Phortaingéil), rinneadh cuardaigh i gCabo Verde a bhain le sciúradh airgid féideartha de thoradh calaoise i ndáil le himscrúdú darbh ainm 'Ambrosia'.

Roimhe sin, bhí OIPE tar éis 30 duine a bhí faoi dhrochamhras a ionchúiseamh cheana féin sa Chúirt Choiriúil Lárnach i Liospóin as líonra coiriúil a oibriú a bhí freagrach as calaois CBL ar luach EUR 35 mhilliún, a bhain le príomhbhanna (eadhon ola olóige, ola chócaireachta agus síúcra).

Rinneadh cuardaigh ar thithe agus cuideachtaí aron ar oileán Sal (Cabo Verde) i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta. Cuireadh duine amháin faoi dhrochamhras go foirmiúil, agus ceistíodh iad. Gabhadh sócmhainní, lena n-áiríodh foirgneamh amháin ina raibh 21 árasán agus dhá shiopa (a raibh luach measta de EUR 2.7 milliún orthu), chomh maith le réadmhaoin eile.

In Cabo Verde, ba é ionchúisitheoir ó Oifig an Phríomh-Ionchúisitheora Phoiblí a chuir na nósanna imeachta imscrúdaithe i gcrích, le tacaíocht ó Roinn Fiosrúcháin Choiriúil Sal de Phóilíní Breithiúnacha Cabo Verde. Bhí oifigeach tacaíochta cáis ó OIPE i láthair freisin.

Cumasaíodh é sin faoin gComhaontú maidir le Comhar Dlíthiúil agus Breithiúnach idir an Phortaingéil agus Cabo Verde (2003), faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (2000), agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach ar chúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla ar ar shínigh na ballstáit den gComhphobal de Thíortha Labhartha na Portaingéilise (CPLP), (2005).

Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Portaingéile.



RANPHÁIRTÍOCHT IN EAGRAÍOCHT CHOIRIÚIL

Bhain beagnach **15 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025 **leis an gcion arb é atá i gceist leis rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil**, agus ba ar chionta faoi shainchúram OIPE a bhí siad dírithe.

In imscrúduithe OIPE atá ar siúl faoi láthair, is ea is minice a bhíonn rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil nasctha le scéimeanna calaoise rothlacha CBL nó le calaois chustaim. Mar sin féin, oibríonn eagraíochtaí coiriúla freisin i réimse na calaoise ar chaiteachas neamhsoláthair (e.g. calaois eagraithe ar chistí talmhaíochta nó ar chistí ón Aontas a leithdháiltear faoin STA), calaois caiteachas soláthair (amhail

rannpháirtíocht neamhdhleathach i roinnt nósanna imeachta soláthair ar scála mór) nó calaois ioncaim neamh-CBL (amhail sciúradh na bhfáltais coiriúil ó eagraíochtaí coiriúla a mbíonn baint acu le tearcluacháil a dhéanamh ar earraí allmhairithe ó thrú tíortha).

Tá eagraíochtaí coiriúla ag feidhmiú níos mó agus níos mó thar roinnt réimsí coireachta, ag dul i muinín idirghabhálaithe agus bealaí oiriúnacha chun leas a bhaint as leochaileachtaí sa chóras eacnamaíoch agus i gcreatanna rialála. Léiríonn torthaí imscrúduithe OIPE go bhféachann na grúpaí seo ar choireanna CLA, in éineacht le cionta níos traidisiúnta, mar bhealach inrochtana, tapa agus ísealriosca chun brabúis aindleathacha shuntasacha a ghiniúint.

Imscrúdú 'Goliath': Cúigear díotáilte as calaois CBL ar luach EUR 188 milliún, agus as sciúradh airgid *hawala*⁵⁷



Ar an 9 Deireadh Fómhair 2025, rinne OIPE in Hamburg (an Ghearmáin) díotáil a chomhdú i gcoinne cúigear a bhí faoi dhrochamhras tar éis imscrúdú darbh ainm Goliath a thabhairt i gcrích ar scéim calaoise CBL ollmhór laistigh den Aontas.

Cúisíodh na cosantóirí as eagraíocht choiriúil um dhíol earraí leictreonacha a bhunú, nó as páirt a ghlacadh inti. Measadh go ndearna an grúpa breis agus céad cás de thromchalaos chánach sa tréimhse ó 2019 go 2023, rud a raibh mar thoradh air damáiste measta de ní ba mhó ná EUR 188 milliún do bhuiséid an Aontais agus do bhuiséid náisiúnta. Cúisíodh beirt de na hamhrastaigh freisin as an gcóras *hawala* a úsáid chun brabúis aindleathacha a sciúradh, agus as daoine eile a ghríosú chun gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanamh.

Bhí an bheirt phríomhchúisithe tar éis a bheith ciontaithe cheana féin i Márta 2025 mar chuid den imscrúdú céanna as cásanna eile d'inghabháil cánach, agus bhí siad i mbun téarmaí príosúin – cúig bliana agus naoi mí i gcás amháin agus cúig bliana agus dhá mhí sa chás eile, faoi seach – a chaitheamh sa Ghearmáin ag an am.

Léiríodh leis an imscrúdú go raibh an bheirt phríomhchúisithe tar éis eagraíocht choiriúil a bhain le calaois CBL a chur ar bun agus a reáchtáil. Bhí siad páirteach freisin roimhe sin san 'ionsaí Sualannach', scéim chalaos CBL a bhí dírithe ar an tSualainn idir 2017 agus 2021, a raibh mar thoradh air cailteanais chánach arbh fhiú na milliúin euro iad.

Líomhnaítear gur bhunaigh siad a líonra féin in 2019, ag cur ar bun sraitheanna éagsúla de chuideachtaí bréige sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ungáir agus sa tSualainn, d'fhonn scéim calaoise CBL rothlach a reáchtáil. De réir thorthaí an imscrúdaithe, rinneadh an trádáil iarbhir earraí ó oifig in Iostanbúl (an Tuirc) a bhí á bainistiú ag duine de na príomhchúisithe.

Cúisíodh saoránach Danmhargach as bheith páirteach san eagraíocht choiriúil, agus líomhnaítear gur bhain siad úsáid as an bpub s'acu le haghaidh seachadtaí bréige. Bhí an eagraíocht ag brath freisin ar stiúthóirí bréige agus ar aitheantais bhréigacha chun cuntais bhainc a oscailt. Cuireadh i bpríosún sa Danmhairg iad as coireanna airgeadais eile a dhéanamh.

Chomh maith le calaois CBL, cuireadh i leith na beirte príomhchosantóirí freisin go raibh siad rannpháirteach go gníomhach in eagrú coiriúil líonra *hawala* chun na fáltais aindleathacha a aistriú. Líomhnaítear go ndearna siad amhlaidh ach úsáid a bhaint as cuid de na gnólaigh a bhí á rialáil acu chun sonraisc ó chuideachtaí sa Tuirc, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh a shocrú le chuideachtaí Eorpacha. Creidtear freisin gur úsáid siad líonra *hawala* a bhí ar bun ann cheana i Réigiún na Réine Thuaidh-Viostfáile chun cistí a aistriú ón Tuirc go dtí an Ghearmáin.

Má chiontófar iad, gearrfar téarma príosúnachta suas le 10 mbliana ar na cosantóirí. Toimhdeofar gach duine lena mbaineann a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar ciontach iad i gcúirteanna dlí inniúla de chuid na Gearmáine.



CIÓNTA ATÁ NASCTHA GO DLÚTH

Ba chionta coiriúla eile a bhí nasctha go dlúth le cion CLA iad thart ar **17 %** de na cásanna gníomhacha a bhí imscrúdaithe ag OIPE faoi dheireadh 2025.

D'fhonn imscrúdú éifeachtúil a dhéanamh ar chionta lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais agus ar phrionsabal *ne bis in idem*⁵⁸, féadfaidh sé gur gá, i gcásanna áirithe, an t-imscrúdú a leathnú chuig cionta eile faoin dlí náisiúnta – i gcás ina mbeadh na fórais bhunúsacha mar an gcéanna cuid mhaith.

Is é **brionnú doiciméad** an cion is coitianta a bhíonn nasctha go dlúth, agus is iondúil go ngabhann sé le cionta calaoise caiteachais soláthair nó

neamhsholáthair a dhéantar trí ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair. Bíonn brionnú i gceist le cásanna calaoise ioncaim CBL agus neamh-CBL fosta. I gcásanna áirithe, déantar imscrúdú ar chialais CBL a bhaineann le damáiste níos lú ná EUR 10 milliún mar chion atá nasctha go dlúth le calaois chustaim ós rud é gur minic a dhéantar an dá chineál cionta trí bhíthin na ngníomhartha céanna.

Mar sin féin, cé go bhfuil an choiriúlacht fós dírithe ar chionta CLA, bíonn cionta atá nasctha go dlúth níos forleithne i gcónaí mar chuid den *modus operandi* i gcásanna sofaisticiúla calaoise.

An Liotuáin: Ceathrar ciontaithe i scéim smuigleála tobac EUR 10 milliún⁵⁹



Ar an 28 Eanáir 2025, bhain OIPE i Vilnius (an Liotuáin) ceithre chiontú amach, lena n-áirítear beirt iaroifigeach custaim, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar eagraíocht choiriúil a d'ímghabháil beagnach EUR 10 milliún i gcánacha ar allmhairí, custaim agus máil trí thoitíní a smuigleáil.

Chiontaigh Cúirt Réigiúnach Vilnius beirt iaroifigigh chustaim Liotuánacha, chomh maith le beirt saoránach Bhealarúiseacha, as smuigleáil cainníochtaí móra toitíní agus as diúscairt neamhdhleathach earraí máil ar chion atá nasctha go dlúth é. Ina theannta sin, ciontaíodh na hoifigigh chustaim i ndrochúsáid oifige.




D'ordaigh an Chúirt do na cosantóirí beagnach EUR 10 milliún a íoc i ndamáistí, gearradh fineálacha de bheagnach EUR 300 000 orthu, agus coigistíodh EUR 42 000 sa bhreis, arb ionann é agus luach na leoraithe a baineadh úsáid astu chun an smuigleáil a dhéanamh. Cuireadh cosc freisin ar na hoifigigh chustaim poist státseirbhíse a bheith acu, ceann amháin ar feadh tréimhse trí bliana agus an ceann eile ar feadh cúig bliana.

De réir thorthaí an imscrúdaithe, ba é a bhí i gceist leis an *modus operandi* ná cigireachtaí a lódáil i bPoblacht na Bealarúise, áit ar táirgeadh iad, agus iad a iompar isteach i gcríoch an Aontais trí phost custaim ar an teorainn idir an Bhealarúis agus an Liotuáin gan na hearraí a chur faoi réir rialú custaim. Ar an iomlán, rinneadh ní ba mhó ná trí mhiliún paicéad toitíní a smuigleáil go neamhdhleathach ar an dóigh sin.

Ar an 28 Eanáir 2026, dhiúltaigh an chúirt achomhairc do na hachomhairc ó na daoine ciontaithe, ar féidir leo fós agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair na Cúirte um Achomharc Deiridh.

I bhFÓCAS: NextGenerationEU (Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh)



Faoi dheireadh 2024, bhí 518 gcás ghníomhacha a bhain le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh á láimhseáil ag OIPE, ar bhain 512 díobh leis an Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) – figiúr a chomhfhreagraíonn do thart ar 21 % de na himscrúduithe ghníomhacha uile ar chalaois chaiteachais. As measc na 518 gcás ghníomhacha sin, bhí 1 419 gcion faoi imscrúdú lenar bhain 1 993 dhuine faoi dhrochamhras san iomlán.

Is ionann an damáiste measta do leasanna airgeadais an Aontais agus EUR 5.08 billiún, agus baineann EUR 2.63 billiún de sin le cásanna ghníomhacha i réimse na calaoise soláthair. Freagraíonn an damáiste iomlán do 14 % den damáiste foriomlán measta i leith calaois chaiteachais.

Ag cur san áireamh an leibhéal aibíochta atá bainte amach in imscrúduithe de chuid OIPE, tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcásanna atá tar éis céim na cúirte a shroicheadh. Tá líon iomlán de 95 chás, ina bhfuil 403 dhuine faoi dhrochamhras rannpháirteach, ag céim na n-imeachtaí cúirte faoi láthair. Tá breithiúnais cúirte deiridh eisithe i naoi gcás i dtaca le 18 gcosantóir, agus, i dtrí chás, cuireadh an nós imeachta simplithe ionchúisimh i bhfeidhm maidir le seisear cosantóirí. **D'oscail OIPE 293 imscrúdú nua in 2025.** Bhain gach cás nua seachas ceann amháin acu leis an STA. Is méadú géar é sin i gcomparáid le 2024, bliain inar osclaíodh 145 imscrúdú.

Is iad na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí an príomhfhoinse tuairiscithe fós, agus osclaítear 86 % de na himscrúduithe nua bunaithe ar an eolas a gcuireann siadsan ar fáil. Tá méadú ó 6 % go 12 % tagtha ar imscrúduithe nua a osclaíodh bunaithe ar thuairiscí ó **pháirithe príobháideacha, agus is ó IBOAnna a thagann 1 % de na tuarascálacha.** Ní raibh oscailt imscrúdaithe mar thoradh ach ar thrí thuarascáil ó IBOAnna in 2025. D'oscail OIPE ceithre imscrúdú *ex officio* fosta.

Le himscrúduithe OIPE ar chalaois a dhéanann difear don STA, leantar d'aird a tharraingt ar na héagothromaíochtaí ar fud na mBallstát – rud a léiríonn éagsúlachtaí i dtaobh leithdháileadh cistí, cumais braithe coireachta agus leitheadúlacht scéimeanna calaoise. Den chéad uair riamh, osclaíodh imscrúduithe i dtaca le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh sa **Bheilg, sa Chipir** agus sa **Laitvia**.

Bhí gníomhaíochtaí calaoiseacha dírithe ar thionscadail i dtaca leis an aistriú glas agus an claochlú digiteach. Is iad na réimsí sin a fuair an sciar ba mhó de leithdháiltí ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh le linn na tréimhse tuairiscithe, agus infheistíochtaí suntasacha dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite, ar inbhuanaitheacht soghluaiстеachta, ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar chúram sláinte agus ar imscaradh bonneagair dhigitigh ardleibhéil. I measc na réimsí eile a ndéantar difear dóibh tá iomaíochas cuideachtaí, bonneagar poiblí agus iompar poiblí, an nuálaíocht, oiliúint agus teagasc, oideachas agus taighde, trealamh sláinte agus leighis, agus riarachán poiblí.

Baineann an cineál calaoise is coitianta i dtaca leis an STA le faisnéis bhréagach, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar d'fhonn cistí a fháil go neamhdhleathach. Áirítear leis an gcleachtas sin brionnú sonrasc agus conarthaí, agus go minic déantar é i gcomhar le cur isteach ráiteas nó doiciméad calaoiseach chun critéir dhícháilithe a cheilt.

As measc na **518**gcás ghníomhacha i dtaca le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, bhain **97** acu le himscrúdú ar nós imeachta soláthair, agus bhain **421** acu le cineálacha calaoise neamhsoláthair. An damáiste in imscrúduithe caolaise caiteachais soláthair, bhí siad fós ní b'airde ná an damáiste i gcásanna caolaise caiteachais neamhsoláthair.

I roinnt **imscrúduithe calaoise neamhsoláthair a cuireadh i gcrích in 2025**, bronnadh dreasachtaí airgeadais ar ghnólachtaí nuathionscanta nó ar sheach-chuideachtaí chun intleacht shaorga (IS), blocshlabhra nó réitigh róbatacha uathoibríthe próisis a fhorbairt. Agus an tionscadal á thabhairt i gcrích, cuireadh sonraisc bhréagacha isteach le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin TF, agus rinneadh doiciméid maidir le comhaontuithe cíosa agus pá don fhoireann a líomhnaítear a bheith ag obair ar tháirgí IS a fhalsú.



San earnáil cúraim sláinte, baineadh mí-úsáid as cistí STA trí chleachtas neamhdhleathacha oideasaithe agus aisíocaíochta le haghaidh feistí leighis agus tomhaltán, lena n-áirítear trealamh a sholáthar in éagmais oidis bhailí.

Is minic a dhíríodh ar iarratais ar fhóirdheontais i gcomhair suiteáil **painéal gréine** ar dhíonta foirgneamh agus i gcomhair oibreacha inslithe foirgneamh, mar chuid den aistriú glas. In imscrúdú amháin, léirigh íomhánna satailíte agus fíorú ar an láthair go raibh na painéil suiteáilte cheana féin sular cuireadh an iarratas STA isteach. Sainithníodh mí-úsáid creidmheasa cánach freisin, inar mhaigh cuideachtaí **creidmheasanna cánach samhailteacha** le haghaidh ‘costais oiliúna fostaithe’, ach ní dhearnadh na seisiúin oiliúna riamh.



Léiríodh i gcásanna sonracha i dtaca le tionscadail bonneagair ghlais ar scála mór patrún imchéimnithe de choimircí riaracháin comhshaoil, maille le heaspa údaruithe agus ceadanna comhshaoil éigeantacha.

D’imir **calaois caiteachais soláthair** tionchar **nach beag** ar chistí lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh fós. Áiríodh leis na patrúin a breathnaíodh níosana imeachta tairisceana rigeáilte i dtaca leis an **mbonneagar fuinnimh in-athnuaite**, amhail sonraíochtaí sriantacha maidir le suiteáil fhótavoltach agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite – rud lena léirítear samhail ar leith lena n-eisiatar soláthraithe eile go hiarbhír, agus lena mbaintear an bonn den chomórtas. Sainithníodh **coibhneacht leasa** ag eascairt as naisc theaghlaigh nó chorparáideacha i gcásanna áirithe. Léirigh imscrúdú amháin go raibh an t-údarás conarthach, ar chomhlacht poiblí é, faoi rialú dearthár amháin, agus go raibh an chuideachta ar ar bronnadh an tairiscint faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú dearthár eile trí shlabhra d’eintitis chorparáideacha. B’údar mór imní a bhí i gceist le struchtúir mar sin i dtaca le tionchar míchuí agus easpa neamhchlaontachta i bpróiseas roghnúcháin conraitheora. Sainithníodh calaois soláthair phoiblí freisin i dtionscadail iompair inbhuanaithe, inar cheannaigh údarás conarthach mionbhusanna leictreacha ar phraghsanna fíorbhoilscithe, i gcás amháin trí shonraíochtaí teicniúla sriantacha a fhorchur lena cuireadh teorainn leis an iomaíocht – rud a rinne difear do bhuiséad an Aontais.



Meastar gurb ionann agus **EUR 2.05 billiún** an damáiste a rinneadh **as siocair an éillithe agus an mhíleithreasaithe** i gcásanna gníomhacha a bhain le cistí ó lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Líomhnaítear gur éiligh agus go bhfuair oifigigh phoiblí íocaíochtaí ó chonraitheoirí mar mhalairt ar nósanna imeachta soláthair a ionramháil agus tús áite a thabhairt do chuideachtaí áirithe. Léirigh imscrúdú amháin gur líomhnaíodh go raibh buntáiste míchuí ag mórfhiontar, a raibh dlúthnaisc aige leis an údarás dámhachtana, i rith an phróisis soláthair mar mhalairt ar bhreabanna.

Agus cláir de chuid lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ag druidim lena dtabhairt i gcrích faoi Nollaig 2026, ní mór do na Ballstáit na clocha míle agus na garspriocanna uile a bhaint amach ina bpleananna, agus gach iarratas deiridh ar íocaíocht a chur isteach. Mar sin féin, go dtí deireadh 2025, **bhí thart ar 50% de na cistí dáilte cheana féin**. Mar gheall ar an líon ard d’eisíocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis, raon feidhme leathan na dtionscadal, agus comhchruinniú na ngníomhaíochtaí i dtreo dheireadh na tréimhse clárseidealaithe, tá an timpeallacht riosca i dtaca le calaois agus éilliú fós tarraingteach.

I bhFÓCAS: Dearcadh nua ar choireacht eagraithe

Tá athrú ag teacht ar an dearcadh i leith na mbagairtí ó eagraíochtaí coiriúla don saol mór. Tá an dearcadh traidisiúnta i leith eagraíochtaí coiriúla a bheith 'dírithe ar bhrabús', go bunúsach – agus a bheith ina bhaol do shábháilteacht an phobail nuair a bhíonn foréigean i gceist leo – ag réiteach an bhealaigh don tuiscint atá againn ar an mbaol a bhaineann leo dár rialachas daonlathach, chomh maith lena gcumas an bonn a bhaint den tsochaí.

A bhúí lena imscrúduithe agus a hionchúisimh, **cuireann OIPE le tuiscint chruinn agus chuimsitheach ar chastachtaí agus ar dhinimic reatha na n-eagraíochtaí coiriúla san Eoraip.**

Baineann príomhghnó na n-eagraíochtaí coiriúla atá faoi imscrúdú ag OIPE le scéimeanna calaoiseacha sofaisticiúla mórsála a dhéanann difear d'ioncam an Aontais. **Is ionann imscrúduithe ar chion na rannpháirtíochta in eagraíocht choiriúil agus 22.23 % den damáiste iomlán measta i ngach cás OIPE atá ar siúl faoi láthair.** Laistigh den sciar sin, tá an chalaos ioncain ar an bpríomh-réimse gníomhaíochta go mór fada, agus í taobh thiar de thart ar 86.66 % den damáiste measta i gcásanna coireachta eagraithe.

Léiríonn imscrúduithe OIPE go mbaineann fiontair choiriúla a bhíonn gníomhach i réimse na calaoise custaim agus CBL brabús an-ard amach, gan ach rioscaí réasúnta íseal a bheith rompu ag an am céanna. Mínítear leis sin an fáth a ndéantar gnáthghníomhaíochtaí coiriúla atá dírithe ar **earraí neamhdhleathacha** (earraí góchumtha, góchumadh airgeadra, drugaí, earraí faoi bhun caighdeáin, airm, etc.), nó ar **dhúshaothrú choiriúil daoine leochaileacha** (saothrú saothair, striapachas, gáinneáil ar dhaoine) a chomhcheangal níos mó agus níos mó le gníomhaíochtaí coiriúla a bhaineann le trádáil earraí dlíthiúla, nó a ionadú fiú, a dhéantar ach úsáid a bhaint as módúlachtaí coiriúla a dhéanann difear ollmhór do leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát araon. Is doiligh go fóill na gníomhaíochtaí sin a bhrath, fiú ón taobh náisiúnta de.

Thairis sin, bíonn tionchar díobhálach acu ar an ngeilleagar dlíthiúil in earnálacha áirithe, ina bhfuil tionchar na n-eagraíochtaí coiriúla níos bagraí anois ná an t-ínsiúthlú amháin. Tá oibreoirí eacnamaíocha macánta á bplúchadh ag iomaíocht éagórach ó ghníomhaithe atá nasctha le líonraí coiriúla.

Cé go bhfuil go leor eagraíochtaí coiriúla san Eoraip fós gníomhach a mhéid a bhaineann le calaois CBL laistigh den Aontas, le scéimeanna atá bunaithe ar chiorcaid rothlacha agus ar chuideachtaí trádálaí ar iarraidh, **tá treocht tugtha faoi deara ag OIPE le déanaí – atá ina húdar mór imní dó – i dtaca le leibhéal ard calaoise eagraithe ag eagraíochtaí coiriúla mórsála a bhaineann le hallmhairiú agus díol earraí de thionscnamh lasmuigh den Aontas.**

Mar gheall ar nádúr trasteorann na gcineálacha sin calaoise, lena n-áirítear an ghné di a tharlaíonn lasmuigh den Aontas, agus an t-ardleibhéal speisialtóireachta is gá chun na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú, cuirtear iallach ar eagraíochtaí coiriúla bealaí nua chun comhoibriú le chéile a fhorbairt agus a oiriúnú go leanúnach.

Maidir le hearraí a thagann isteach san Aontas ón tSín, go háirithe, tá smacht glactha ag líonraí coiriúla atá comhdhéanta de dhaoine

aonair de thionscnamh na Síne ar nach mór an slabhra calaoiseach ar fad. Baineann siad leas as an slabhra soláthair ón tSín, úsáideann siad córais bhaincéireachta faoi cheilt chun sreafaí airgeadais a stiúradh, agus coinníonn siad struchtúir oibríochtaí ilchasta ar bun laistigh den Aontas chun gach céim dá ngníomhaíocht choiriúil a bhainistiú. Bíonn baill de na líonraí coiriúla seo i láthair i gcalaois agus i gcríochfoirt mhóra tráchtála san Eoraip, áit a bhféachann siad le nósanna imeachta imréitigh custaim a rialú. Tá siad nasctha le líonraí fairsinge de chuideachtaí caocha ar fud na mBallstát, a n-úsáideann siad chun fíorchéann scríbe earraí a cheilt agus chun íocaíochtaí CBL a sheachaint. Baineann siad leas freisin as diaspóra mór na Síneach san Aontas, go háirithe agus iad ag obair i gceantair thráchtála Shíneacha, mar a thugtar orthu, ar moil shuntasacha trádála agus lóistíochta a bhíonn iontu. Rialaíonn na heagraíochtaí coiriúla sin an dáileadh ar an margadh trí bhithin siopaí agus mealanna traidisiúnta giniúna airgid, nó trí earraí a athlonnú chuig ardáin ríomhthráchtála.

Is minic a úsáidtear éilliú agus foréigean ina leith sin, mar a léiríodh in imscrúduithe OIPE le déanaí, agus mar atá tuairiscithe ag roinnt Ballstát.

Cruthaíonn an timpeallacht choiriúil sin dálaí freisin le haghaidh scéimeanna sciúrtha airgid atá an-éifeachtach agus áisiúil. Deimhníodh in imscrúduithe OIPE go ndéantar fáiltais ó choireanna áirithe a sciúradh sna gnóthais choiriúla sin, agus go ndéantar iad a athinfeistiú ina dhiaidh sin i ngníomhaíochtaí coiriúla breise.

Tá scéimeanna sainaitheanta ag OIPE freisin ina mbíonn córais bhaincéireachta faoi cheilt á reáchtáil ag gairmithe agus á n-úsáid ag líonraí coiriúla chun fáiltais ó aon chineál gníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh agus a athinfeistiú – rud a nascann eagraíochtaí coiriúla éagsúla ar bhealaí gan choinne. Sa chomhthéacs sin, is seanbhunaithe atá líonraí coiriúla de bhunadh na Síne agus na baincéireachta faoi cheilt a mhéid a bhaineann le tacú le heagraíochtaí coiriúla eile, maidir le sreafaí airgeadais a éascú le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla, agus chun críoch sciúrtha araon.

Go bunúsach, i bhfianaise an róil lárnaigh atá ag calaois chustaim agus CBL i scéimeanna sciúrtha airgid – i dteannta leis an tionchar trom a bhíonn ag líonraí coiriúla de bhunadh na Síne ina leith – tá sí i mbun an t-éiceachóras choiriúil san Aontas a athmhúnlú.

Bíonn grúpaí coireachta eagraithe rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí coiriúla a dhéanann difear do **chaiteachas an Aontais.** Tá imscrúdú déanta ag OIPE ar roinnt cásanna ina ndearna eagraíochtaí coiriúla calaois ar scála mór chun cistiú poiblí a fháil, lena n-áirítear cistiú ó Ionstraim Theárnaimh an Aontais Eorpaigh. Tá sé léirithe ag na heagraíochtaí coiriúla sin an cumas ní hamháin chun go leor ábhar eacnamaíoch, cinnirí agus gairmithe a bhainistiú agus a rialú, ach chun insiúthlú isteach sa riarachán poiblí agus é a thruailliú freisin.

Fiú nuair a bhíonn an chalaos teoranta do thír amháin, bíonn struchtúir curtha le chéile ag líonraí coiriúla i dtíortha eile d'fhonn a bpatríuin choiriúla agus a bhfáltais a cheilt. I gcásanna áirithe, tá na scéimeanna calaoiseacha céanna reáchtáilte acu arís agus arís eile ar fud roinnt Ballstát, agus béim á leagan acu – ar an gcaoi sin – ar an ngné idirnáisiúnta den choireacht eagraithe a bhíonn ann i gcónaí.

URGHABHÁIL AGUS COIGISTIÚ SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

In 2025, bhronn údaráis inniúla orduithe reo dar luach **EUR 1.13 billiún** i gcásanna OIPE. Comhfhreagraíonn sé sin do luach an damáiste ar ar shainnithin na húdaráis inniúla mar dhamáiste a d'fhéadfaí a aisghabháil ó chosantóirí, bunaithe ar na heilimintí a nochtadh in imscrúduithe OIPE.

I gcaitheamh na bliana, rinne OIPE sócmhainní ar luach **EUR 288.93 milliún** a reo. Comhfhreagraíonn sé sin do shócmhainní a bhí reoite cheana, i bhfianaise coigistiú a d'fhéadfadh tarlú de thairbhe breithiúnas críochnaitheach.



Iarradh coigistiú leathnaithe i 19 gcás, d'fhone srian a chur ar shócmhainní a bhí na daoine faoi dhrochamhras tar éis iarracht a dhéanamh a chosaint ar choigistiú. Bhain OIPE úsáid fhorleathan as coigistiú luachbhunaithe chun aisghabháil a chumasú. Ordaíodh urghabháil ionstraimíochtaí coireanna nó a luach coibhéseach i 30 cás.

Rinne OIPE **roinnt iarrataí ar choigistiú (52)** freisin d'fhone iocaíocht fhéideartha pionóis airgeadaíochta a áirithiú.



Ba iad na sócmhainní a urghabhadh go príomha ná airgead tirim nó cuntais bhainc, agus réadmhaoin, gníomhaíochtaí gnó, feithiclí, maoin shochorraithe eile ina dhiaidh sin, chomh maith le hór, scaireanna, criptea-airgeadraí, táirgí airgeadais agus só-earraí. Rinneadh marsantas coiriúil, amhail fóin chliste, buidéal fiona nó gabhálaís leathair, a urghabháil agus a bhaint den mhargadh – rud lenar baineadh tairbhe a ngníomhaíochtaí aindleathacha de na coirpigh, go hiarbhir.

D'fhone a chur ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh obair leantach a dhéanamh ar imeachtaí breithiúnacha a dtionscnaíonn OIPE iad, **ar mhaithe le haisghabháil sócmhainní do bhuiséad an Aontais**, thug OIPE fógra maidir le díotálacha agus maidir le nósanna imeachta simplithe ionchúisimh ar friú **EUR 171.3 milliún** de dhamáiste measta a bhaineann le **calaíochtaí ioncain** iad. Maidir le **calaíochtaí ioncain**, thug OIPE fógra don Choimisiún Eorpach faoi dhíotálacha agus faoi nósanna imeachta simplithe ionchúisimh dar **luach EUR 1.19 billiún** de dhamáiste measta.



4.

GLUAIS

Minítear sa ghluais seo na téarmaí a úsáidtear sa tuarascáil seo, chomh maith leis na catagóirí a úsáidtear agus staidreamh OIPE á chur i láthair – don Lároifig agus in aghaidh an Bhallstáit rannpháirtigh araon – amhail an 31 Nollaig 2025.



Achomhairc i gcoinne breithiúnais cúirte deiridh

Líon na n-achomharc i gcoinne breithiúnais cúirte deiridh comhdaithe ag OIPE in 2025.



Breithiúnais cúirte céadchéime

Líon na mbreithiúnas cúirte céadchéime a eisíodh i gcásanna OIPE in 2025.



Breithiúnais cúirte deiridh

Líon na mbreithiúnas cúirte deiridh a eisíodh i gcásanna OIPE in 2025.

CBL

Cáin bhreisluacha (CBL)

Cáin ghinearálta ar thomhaltas atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Is cáin tomhaltais leathan í a mheasúnaítear ar an mbreisluach a chuirtear le hearraí agus le seirbhísí, agus tá feidhm aici i dtaca leis na hearraí agus na seirbhísí uile, a bheag nó a mhór, a cheannaítear agus a dhíoltar lena n-úsáid nó lena dtomhailt san Aontas. Dá bhrí sin, earraí a dhíoltar lena n-onnmhairiú, nó seirbhísí a dhíoltar le custaiméirí thar lear, ní bhíonn siad faoi réir CBL de ghnáth. Os a choinne sin, gearrtar cáin ar allmhairí chun an córas a choinneáil cothrom do tháirgeoirí an Aontais, ionas gur féidir leo dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna i margadh an Aontais le soláthróirí atá lonnaithe lasmuigh de.



Calaois

Léiriú bréagach, trí bhíthin ráitis nó iompair, a dhéantar go feasach nó go meargánta d'fhonn buntáiste ábharach a ghnóthú.



Calaois caiteachais neamhsoláthair

Iompar calaoiseach a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le caiteachas nach mbaineann le soláthar amhail cúnaimh airgeadais nó fóirdheontais.



Calaois caiteachais soláthair

Iompar calaoiseach i ndáil le nósanna imeachta soláthair le haghaidh tionscadail arna gcistiú go poiblí, a dhéantar den chuid is mó ach ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a chur i láthair.



Calaois chaiteachais

Téarma a úsáidtear chun calaois caiteachais soláthair agus neamhsoláthair a shainmhíniú go comhpháirteach.



Calaois ioncain CBL

Íocaíocht cánach breisluacha a imghabháil go mímhacánta agus d'aon ghnó.



Calaois ioncain neamh-CBL

Iompar calaoiseach a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le hioncam seachas ioncam a eascraíonn as acmhainní CBL. I measc na gcineálacha coitianta di tá smuigleáil agus úsáid dearbhuithe bréagacha custaim.



Cásanna atá ar siúl ag céim an achomhairc

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a raibh stádas luaite leo amhail an 31 Nollaig 2025 a léirigh go raibh imeachtaí achomhairc fós ar siúl iontu.




Cásanna atá ar siúl ag céim na trialach

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a raibh stádas luaite leo amhail an 31 Nollaig 2025 a léirigh go raibh imeachtaí cúirte fós ar siúl iontu.



Cásanna dífe

Is éard is díbhe cáis ann ná an cinneadh (ó na Dlísheomraí Buana) a dhéantar i ndiaidh deireadh a chur le himscrúdú ar dhuine agus a n-ionchúiseamh dodhéanta, de bhun dhlí an Bhallstáit ina bhfuil an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach atá ina bhun, ar aon cheann de na forais atá leagtha amach in Airteagal 39(1) de Rialachán OIPE. Léirítear leis an bhfigiúr seo an líon de chásanna OIPE a díbheadh in 2025. Maidir le chásanna a díbheadh i ndáil le cuid de na daoine a bhí faoi dhrochamhras agus/nó cuid de na cionta amháin, meastar nach bhfuil i gceist leo ach díbhe páirteach, agus áirítear iad mar fhonóta sa chatagóir seo.



Cinntí bearta a shannadh d'ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha cunta i mBallstát rannpháirteach eile

Líon na gcinntí a eisíodh in 2025 maidir le bearta a shannadh d'ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha cunta ó Bhallstáit rannpháirteacha éagsúla in imscrúduithe trasteorann, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán OIPE.



Cionta atá nasctha go dlúth

Cion coiriúil a bhfuil dlúthbhaint aige le hiompar coiriúil a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371. Ba cheart coincheap na dlúthnascachta a thuiscint ach tagairt a dhéanamh d'aitheantas na bhfíoras ábhartha (nó na bhfíoras atá mar an gcéanna, go substaintiúil) – eadhon sraith imthosca nithiúla a bheith ann atá nasctha go doscartha le chéile ó thaobh ama agus spáis de.



Ciontuith

Líon na mbreithiúnas cúirte deiridh arna n-eisiúint i gcásanna OIPE in 2025 inar ciontaíodh cúisí amháin ar a laghad nó inar forchuireadh oibleagáid eile cosúil le smachtbhanna trí bhithin nós imeachta simplithe, beag beann ar líon na ndaoine a bhí faoi dhrochamhras a éigontaíodh.



Coigistiú

Díothú críochnaitheach maoine arna ordú ag cúirt i ndáil le cion coiriúil.




Damáiste do leasanna airgeadais an Aontais

Damáiste d'ioncaim, do chaiteachais agus do shócmhainní a chumhaítear le buiséad an Aontais, a fhaightear trí bhuiséad an Aontais nó atá dlite dó, agus do bhuiséid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí arna mbunú faoi na Conarthaí, agus do bhuiséid a ndéanann siad bainistiú agus faireachán orthu.



Damáiste féideartha measta

Damáiste airgeadais a tharlódh mar thoradh ar chion, dá gcuirfí i gcrích é, arna mheasúnú ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil tráth an chinnidh.



Damáiste iarbhír measta

Damáiste airgeadais a tabhaíodh go hiarbhír mar thoradh ar chion, arna mheasúnú ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil tráth an chinnidh.



Damáiste iomlán measta

An damáiste a mheastar a dhéantar as siocair na scéime calaoise ina hiomláine do leasanna airgeadais na mBallstát lena mbaineann agus don Aontas araon, gan ús ná pionóis a áireamh.



Damáiste measta ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún Eorpach agus do IBOAnna eile

Damáiste do leasanna airgeadais an Aontais a tabhaíodh go harbhír mar thoradh ar chion, arna mheasúnú ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil tráth an chinnidh, agus a tuairiscíodh don Choimisiún Eorpach agus do IBOAnna eile.



Damáiste measta do pháirtithe eile

Damáiste a tharla go hiarbhír nó ar dhócha a tharla do leasanna airgeadais iospartach eile (e.g. Ballstát, páirtí príobháideach) mar thoradh ar chion, a ndearnadh a mheasúnú ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil tráth an chinnidh.



Damáiste measta don Aontas

Damáiste a rinneadh go hiarbhir nó ar dhócha a ndearnadh do leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh ar chion, arna mheasúnú ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil tráth an chinnidh.



Díotálacha

Líon na gcúiseanna foirmiúla i gcoinne daoine (nádúrtha agus dlíthe) a eisíodh i gcásanna OIPE in 2025, trína dtugtar daoine faoi dhrochamhras os comhair cúirte.

PC

Dlísheomraí Buana

Is ionann na Dlísheomraí Buana agus inneall oibríochtúil OIPE, agus is sraith bhreise láidir iad i dtaca le neamhspleáchas imscrúduithe OIPE a ráthú. Is iontu a dhéantar monatóireacht ar na gníomhartha a dhéantar mar chuid d'imscrúduithe, agus is iontu fosta a chinntear na príomhchéimeanna go léir atá le glacadh, mar shampla, an cás a ionchúiseamh nó a dhibhe, nó nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm ina leith.

Bíonn triúr Ionchúisitheoirí Eorpacha, ar comhaltaí buana iad a dhéanann maoirseacht ar na hIonchúisitheoirí Tarmlichte Eorpacha, i ngach Dlísheomra Buan (15 cinn acu san iomlán). Chun a áirithiú go ndéantar measúnú neamhspleách ar chás, ní thagann aon duine de bhuanchomhaltaí an Dlísheomra Bhua in ón tír as ar tháinig an tuairisc.



Eagraíocht choiriúil atá dírithe ar choireacht CLA

Comhlachas struchtúrtha, bunaithe thar thréimhse ama, de níos mó ná beirt a bhíonn ag gníomhú de chomhbheart d'fhonn cionta a chur i gcrích a dhéanann dífeare do leasanna airgeadais an Aontais chun buntáiste airgeadais nó ábharach eile a fháil go díreach nó go hindíreach.



Éigionuithe

Is éard is éigiontú ann cinneadh ó chúirt nach bhfuil cosantóir atá cúisithe as coir ciontach inti. Léirítear leis an líon d'éigionuithe atá sonraithe ar na leathanaigh seo an líon de bhreithiúnais cúirte deiridh a eisíodh i gcásanna OIPE in 2025 lenar éigiontaíodh na daoine uile a bhí faoi dhrochamhras.



Éilliú

Mí-úsáid cumhachta arna cur ar iontaoibh chun leas príobháideach.



Ex officio

Cás a oscailt go huathrialach, neamhspleách ar ionchur, tuarascáil nó iarraidh ón taobh amuigh.



Gach imscrúdú gníomhach móide an damáiste iomlán measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2025 móide an damáiste measta comhfhreagrach do leasanna airgeadais an Aontais.



Imscrúduithe gníomhacha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2025 a bhfuil baint ag dhá thír ar a laghad leo (mar láthair na gníomhaíochta coiriúla, nó mar láthair an damáiste airgeadais, nó an dá cheann acu).



Imscrúduithe gníomhacha calaoise CBL móide an damáiste iomlán measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2025 ina raibh cion calaoise ioncaim CBL amháin ar a laghad faoi imscrúdú, agus an damáiste measta comhfhreagrach do leasanna airgeadais an Aontais.



Imscrúduithe gníomhacha calaoise cistiúcháin miondealaithe de réir cláir

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a bhain le cistí an Aontais agus a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2025, ina raibh cion calaoise caiteachais amháin ar a laghad – nó cion gaolmhar (éilliú, sciúradh airgid, mileithreasú, calaois ioncaim neamh-CBL, rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil a bhí dírithe ar choireacht a dhéanann dífeare do leasanna airgeadais an Aontais, cion a bhí nasctha go dlúth) – faoi imscrúdú, miondealaithe de réir clár cistiúcháin.

Is éard is 'cásanna amhrais' ann imscrúduithe nach bhfuil foinse chistiúcháin bunaithe nó sainaitheanta iontu go fóill.

Le fail i ndiaidh na gluaise seo tá liosta iomlán de na cláir chistiúcháin lenar bhain imscrúduithe gníomhacha OIPE in 2025.



Imscrúduithe oscailte móide damáiste measta

Líon na gcásanna imscrúdaitheacha a osclaíodh in 2025 móide an damáiste measta comhfhreagrach do leasanna airgeadais an Aontais.



Imscrúduithe trasteorann

Imscrúduithe a bhfuil baint ag dhá Bhallstát rannpháirteacha nó níos mó leo, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán OIPE.



Leigheasanna urghnácha dlí i gcoinne breithiúnais chúirte

Líon na leigheasanna dlí a bhí ar fáil faoi dhálaí eisceachtúla agus a úsáideadh in 2025 i gcoinne breithiúnais cúirte deiridh, dá mba ann dóibh.



Míleithreasú

Gníomhaíocht oifigigh phoiblí, a gcuirtear de chúram orthu cistí nó sócmhainní a bhainistiú go díreach nó go hindíreach, cistí nó sócmhainní a ghealladh nó a eisíodh ar bhealach ar bith, nó sócmhainní a leithreasú nó a úsáid in aghaidh na críche dár beartaíodh iad, a mbíonn dochar do leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh air.



Nósanna imeachta simplithe ionchúisimh

Líon na gcinntí chun nósanna imeachta simplithe ionchúisimh a chur i bhfeidhm a eisíodh i gcásanna OIPE in 2025. Meastar gur cinntí páirteacha iad cinntí gan nósanna imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm ach amháin i leith cuid de na daoine atá faoi dhrochamhras agus/nó i leith cuid de na cionta lena mbaíneann, agus áirítear iad mar chríochnóta faoin gcatagóir seo.

Is modh atá sa nós imeachta simplithe ionchúisimh a úsáidtear chun imscrúdú OIPE a fhoirceannadh. Ar leibhéal an dlí náisiúnta, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dó mar mhargáil pléadála, comhaontú pléadála, pléadáil arna caibidliú nó margadh pianbhreithe. Ar an mórgóir, baineann téarmaíocht mar sin le nós imeachta nach bhfuil chomh foirmiúil céanna inar féidir leis an gcosantóir glacadh le pléadáil ciontach mar mhalairt ar chinneadh thar ceann an ionchúisitheora cúisimh eile a tharraingt siar, nó glacadh le triail achomair.



Orduithe reo bronnta

Is féidir 'reo' a shainmhíniú mar a leanas: 'toirmeasc sealadach ar aistriú, scríosadh, tiontú, diúscairt nó gluaiseacht maoin, nó seilbh shealadach nó rialú sealadach a ghlacadh ar mhaoin.'

Léirítear leis an bhfigiúr seo luach na sócmhainní a reodh nó a urghabhadh mar chuid d'imscrúduithe OIPE in 2025, de réir mar a bhronn na cúirteanna inniúla nó na breithiúna inniúla, más infheidhme, nó mar a d'ordaigh an tIonchúisitheoir Tarmlichte Eorpach.



Sciúradh airgid

An próiseas ina ndéantar bunús airgid a fuarthas go neamhdhleathach a cheilt agus an t-airgead a dhlisteanú ach é a chur ar aghaidh trí sheicheamh casta d'aistrithe baincéireachta nó d'idirbhearta tráchtála.



Tarchuir chuig údaráis náisiúnta

Líon na gcásanna OIPE a tarchuireadh chuig údaráis náisiúnta in 2025. Meastar gur tarchur páirteach a bhíonn i gceist le cásanna nach ndéantar a tharchur chuig údaráis náisiúnta ach amháin i leith cuid de na daoine atá faoi dhrochamhras agus/nó i leith cuid de na cionta lena mbaíneann, agus áirítear iad mar chríochnóta faoin gcatagóir seo.



Típeolaíochtaí sainaitheanta i gcásanna gníomhacha OIPE

Líon (agus céatadán, arna neasú chuig dhá ionad dheachúlacha) na gcineálacha cionta a imscrúdaíodh i gcásanna OIPE a bhí ar oscailt amháin an 31 Nollaig 2025, miondealaithe de réir cineáil. Tabhair faoi deara go bhféadfar roinnt cineálacha cionta a scrúdú mar chuid d'imscrúdú amháin.



Trádálaithe ar iarraidh

Cuideachtaí caocha a bunaíodh chun íocaíocht CBL a sheachaint, agus chun na críche sin amháin.



Tuairiscí/gearáin a fuarthas

Líon na dtuairiscí coire OIPE a fuarthas ó údaráis náisiúnta, ó IBOAnna agus ó pháirtithe príobháideacha in 2025; áirítear sa chatagóir seo freisin cásanna arna gclárú ag OIPE ar a thionscnamh féin (*ex officio*).

5.

CISTÍ DÁ nDÉANTAR DIFEAR

Cláir forbartha talmhaíochta agus tuaithe	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) 2014-2022
	An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) 2014-2022
	An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) 2023-2027
Cláir mhuirí agus iascaigh	An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) 2021-2027
	An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) 2014-2020
Cláir comhair idirnáisiúnta	Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas (ESI) 2021-2027
	An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) (2021-2027)
	An Sáras Aontais um Chosaint Shibhialta – Ceannteidil 3 agus 4 (2014-2020)
	An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – Eoraip Dhomhanda (ICFCI - an Eoraip Dhomhanda) 2021-2027
	An Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) 2014-2020
	An tSaoráid Eorpach Síochána 2021-2027
	Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) 2014-2020
	An Ciste Eorpach Forbraíochta 2014-2020
	An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) 2014-2020
Cláir forbartha réigiúnaí agus uirbí	Beartas réigiúnach (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe) 2021-2027
	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), arna threisiú ag REACT-EU, arna mhaoiniú faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh 2014-2020
	An Ciste Comhtháthaithe (CC) 2014-2020
	Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) 2014-2020
Cláir oideachais agus cultúir	An Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IEC) 2014-2020
	Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (Erasmus+) 2014-2020
Cláir thaighde agus nuálaíochta	Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (Erasmus+) 2021-2027
	Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020) 2014-2020
	Clár Réime um Thaighde (FP7) 2007-2013
	Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2021-2027

Cláir fostaíochta, comhtháthaithe shóisialta, chuimsithe agus luachanna	Ciste Sóisialta na hEorpa + (lena n-áirítear an Ciste do na Daoine is Díothaí agus Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta) 2021-2027
	Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) 2014-2020
	An Cór Dlíthpháirtíochta Eorpaigh (CDE) 2021-2027
	An Cór Dlíthpháirtíochta Eorpaigh (CDE) 2014-2020
	An clár um chearta, um chomhionannas agus um shaoránacht 2014-2020
Cláir aeráide agus chomhshaoil	An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) 2014-2020
	An Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) 2014-2020
	An Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) 2021-2027
Cláir théarnaimh agus athléimneachta	An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) 2021-2027
	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) 2021-2027
Cláir um shoghluaisteacht agus um iompar, Cláir um fhuinneamh agus um dhigitíú	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) (seachas an clár maidir le teileachumarsáid SCE) 2014-2020
	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) 2021-2027
	CEF Teileachumarsáid (seachas nascacht)
	An Clár don Eoraip Dhigiteach 2021-2027
Cláir tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) 2014-2020
	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) 2021-2027
	An clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Custam 2020)
Cláir thionsclaíochta, fiontraíochta agus FBManna	An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) 2014-2020
	Clár an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear cláir COSME, ESP, rannpháirtíochta tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais, tuairiscithe airgeadais, bhia agus bheatha, tomhaltóirí (2021-2027)
	Réitigh idir-inoibritheachta agus creataí comhchoiteanna d'údaráis riaracháin phoiblí, do ghnólaicthe agus do shaoránaigh na hEorpa (ISA2) 2014-2020
	An Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) 2014-2020
Cláir shlándála agus chosanta	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) 2014-2020
	An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) 2021-2027
	An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIP) 2014-2020
	An Ciste Eorpach Cosanta (CCE) 2021-2027
Cláir eile	Cistí Ghrúpa BEI (BEI/CEI)
	Caiteachas riaracháin na IBOAnna 2014-2020
	Caiteachas riaracháin na IBOAnna 2021-2027
	Eile

- 1 Áirítear i líon na gcásanna a osclaíodh staidreamh ó bhlianta roimhe sin a próiseáladh in 2025.
- 2 Áirítear san fhigiúr 428 dtuairisc atriallacha agus 442 thuairisc a fuarthas ó pháirtithe príobháideacha i mBallstáit neamh-rannpháirteacha agus i dtríú tíortha.
- 3 I measc cásanna calaoise eile tá cionta a taifeadadh mar sciúradh airgid, rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil nó cionta atá nasctha go dlúth.
- 4 Calaois chaiteachais: Damáiste iarbhír measta don Aontas, ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún Eorpach agus do IBOAnna eile in 2025, i gcásanna ina raibh cionta a bhaineann le calaois soláthair agus neamhsoláthair faoi imscrúdú, agus ina ndearnadh cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh nó nós imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm. Calaois ioncaim: Damáiste iarbhír measta a bhaineann le CBL agus le dleachtanna custaim a cuireadh in iúl don Choimisiún Eorpach, i gcásanna ina raibh cionta calaoise ioncaim CBL agus neamh-CBL á n-imscrúdú, agus inar glacadh cinneadh in 2025 ionchúiseamh a dhéanamh nó nós imeachta ionchúisimh simplithe a chur i bhfeidhm in aleith.
- 5 Díbheadh go páirteach 55 chás sa bhreis.
- 6 Baineann díbhe pháirteach le 177 nduine aonair sa bhreis.
- 7 Tarchuireadh go páirteach 15 chás sa bhreis chuig údaráis náisiúnta.
- 8 Baineann tarchur páirteach chuig údaráis náisiúnta le 32 dhuine aonair sa bhreis.
- 9 Rinneadh 3 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 10 Baineann an difhostú páirteach le 4 dhuine sa bhreis.
- 11 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
- 12 Rinneadh 2 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 13 Baineann an difhostú páirteach le 4 dhuine sa bhreis.
- 14 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
- 15 Baineann an tarchur páirteach chuig údaráis náisiúnta le duine amháin sa bhreis.
- 16 Rinneadh cás amháin sa bhreis a dhiúltú go páirteach.
- 17 Baineann an difhostú páirteach le duine amháin sa bhreis.
- 18 Rinneadh cás amháin sa bhreis a dhiúltú go páirteach.
- 19 Baineann an difhostú páirteach le duine amháin sa bhreis.
- 20 I gcás amháin, d'éisigh an Chúirt cinneadh críochnaitheach cúirte a chuir deireadh leis na himeachtaí a bhain le duine amháin de bharr bhás an chúisí.
- 21 Rinneadh 2 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 22 Baineann an difhostú páirteach le 6 dhuine sa bhreis.
- 23 Rinneadh cás amháin sa bhreis a dhiúltú go páirteach.
- 24 Baineann an difhostú páirteach le duine amháin sa bhreis.
- 25 Rinneadh cás amháin sa bhreis a dhiúltú go páirteach.
- 26 Baineann an difhostú páirteach le duine amháin sa bhreis.
- 27 Rinneadh 8 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 28 Baineann an difhostú páirteach le 26 dhuine sa bhreis.
- 29 Rinneadh 4 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 30 Baineann an difhostú páirteach le 34 dhuine sa bhreis.
- 31 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
- 32 Baineann na tarchuir pháirteacha chuig údaráis náisiúnta le 2 dhuine a bhreis.
- 33 Rinneadh 15 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.

- 34 Baineann an difhostú páirteach le 50 dhuine sa bhreis.
- 35 Tarchuireadh go páirteach 2 chás sa bhreis chuig údaráis náisiúnta.
- 36 Baineann na tarchuir pháirteacha chuig údaráis náisiúnta le 2 dhuine a bhreis.
- 37 Rinneadh 2 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 38 Baineann an difhostú páirteach le 2 dhuine sa bhreis.
- 39 Ceapadh Atur na Ionchúisitheoir Tarmiligthe Eorpach sa Pholainn ag an gColáiste i nDeireadh Fómhair 2025, ach cuirfidh sé tús le hobair i mí an Mheithimh 2026.
- 40 Rinneadh 9 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 41 Baineann an difhostú páirteach le 16 dhuine sa bhreis.
- 42 Tarchuireadh go páirteach 9 chás sa bhreis chuig údaráis náisiúnta.
- 43 Baineann na tarchuir pháirteacha chuig údaráis náisiúnta le 21 dhuine a bhreis.
- 44 Ceapadh an tríú Ionchúisitheoir Tarmiligthe Eorpach sa tSlóivéin ag an gColáiste i mí na Samhna 2025, ach thosaigh sé ag obair i mí Eanáir 2026.
- 45 Rinneadh 6 gcás sa bhreis a dhíbhe go páirteach.
- 46 Baineann an difhostú páirteach le 31 dhuine sa bhreis.
- 47 Rinneadh cás breise amháin a tharchur go páirteach chuig na húdaráis náisiúnta.
- 48 Baineann na tarchuir pháirteacha chuig údaráis náisiúnta le 6 dhuine a bhreis.
- 49 OIPE, 'An Ghréig: 37 gcomhalta d'éagraíocht choiriúil a raibh lámh aici i gcalaois chistiúcháin talmhaíochta ar scála mór agus i sciúradh airgid gafa ag OIPE' (Preaseisiúint, 22 Deireadh Fómhair 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/greece-eppo-arrests-37-members-organised-criminal-group-involved-large-scale>>.
- 50 OIPE, 'An Bhulgáir: Ceathrar cúisithe i gcalaois soláthair phoiblí EUR 94.5 milliún a bhain le córais chomharthaíochta iamróid' (Preaseisiúint, 13 Eanáir 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/bulgaria-four-charged-eu945-million-fraud-involving-railway-signalling-systems>>.
- 51 Tá faisnéis bhreise le fáil sa phreaseisiúint áirithe seo mar gheall ar nuashonruithe i dtaca leis an imscrúdú atá fós ar siúl.
- 52 OIPE, 'Imscrúdú "Fuel family": Urghabhálacha tugtha i gcrích san Iodáil mar thoradh ar imscrúdú calaoise CBL ar luach EUR 260 milliún' (Preaseisiúint, 14 Samhain 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/investigation-fuel-family-seizures-eu260-million-vat-fraud-italy>>.
- 53 OIPE, 'Imscrúdú "Calypso": Díríonn OIPE ar líonraí coiriúla a bhí i mbun an margadh a phlúchadh le hallmhairí calaoiseacha ón tSín' (Preaseisiúint, 26 Meitheamh 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/investigation-calypto-eppo-strikes-criminal-networks-flooding-eu-fraudulent-chinese>>, agus 'Imscrúdú "Calypso": Urghabhadh ní ba mhó ná 2 400 coimeádán loingseoireachta ag calafort Phiréas' (Preaseisiúint, 15 Meán Fómhair 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/investigation-calypto-more-2-400-shipping-containers-seized-port-piraeus>>.
- 54 OIPE, 'An tSeicia: Nochtann OIPE géar-éilliú agus calaois fóirdheontais AE ar luach EUR 160 milliún san earnáil cúraim sláinte (Preasráiteas, 24 Feabhra 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/czechia-eppo-uncovers-heavy-corruption-and-eu160-million-eu-subsidy-fraud-healthcare>>. Tugadh na sonraí sa phreaseisiúint seo chun dáta go deireanach ar an 12 Eanáir 2026.
- 55 OIPE, 'An Pholainn: Cuardaigh in imscrúdú maidir le mí-úsáid cumhachta amhrasta i dtionscadal a bhí ag fáil maoiniú ón AE' (Preasráiteas, 9 Deireadh Fómhair 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/poland-searches-investigation-suspected-abuse-power-eu-funded-project>>.
- 56 OIPE, 'Imscrúdú "Ambrosia": Déanann OIPE cuardaigh in Cabo Verde in imscrúdú faoi sciúradh airgid (Preasráiteas, 1 Lúnasa 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/investigation-ambrosia-eppo-carries-out-searches-cabo-verde-probe-money-laundering>>.
- 57 OIPE, 'Imscrúdú "Goliath": Cúigear díotáilte as calaois CBL dar luach EUR 188 milliún agus as sciúradh airgid hawala' (Preaseisiúint, 31 Deireadh Fómhair 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/investigation-goliath-five-indicted-eu188-million-vat-fraud-and-hawala-money-laundering>>.
- 58 Ba cheart gníomhaíochtaí OIPE a fheidhmiú i gcomhréir go hiomlán le hAirteagal 50 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh lena gcosnaítear an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna (ne bis in idem), agus lena n-áiríthítear nach mbeidh aon chontúirt dhúbailte ann mar thoradh ar ionchúisimh thar ceann OIPE.
- 59 OIPE, 'An Liotuáin: Ceathrar ciontaithe ag OIPE i scéim smuigleála tobac EUR 10 milliún' (Preasráiteas, 28 Eanáir 2025) <<https://www.eppo.europa.eu/en/media/news/lithuania-eppo-secures-four-convictions-eu10-million-tobacco-smuggling-scheme>>



OIFIG AN
IONCHÚISITHEORA
PHOIBLÍ
EORPAIGH



AN AITHIN



BARI



BEIRLÍN



BOLOGNA



AN BHRATSLÁIV



BRNO



AN BHRUISÉIL



BÚCAIRIST



ČESKÉ BUDĚJOVICE



CLUJ-NAPOCA



KÖLN



FRANKFURT



GDAŃSK



GRAZ



HAMBURG



HEILSINCÍ



IAȘI



KATOWICE



LIBEREC



LINZ



LIOSPÓIN



LIÚIBLEÁNA



LUBLIN



LUCSAMBURG
AN LÁRÓIFIG



LUCSAMBURG



MAIDRID



MILANO



MÜNCHEN



NAPOLI



NICOSIA



OSTRAVA



PALERMO



PÁRAS



PORTO



PRÁG



RÍGE



AN RÓIMH



ROTTERDAM



SÓIFIA



STÓCÓLM



TAILLINN



TIMIȘOARA



TORINO



VAILEITE



AN VENÉIS



VÍN



VILNIUS



(VÁRSÁ)



SÁGRAB



ZLÍN





Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

KU-01-26-001-GA-N
ISBN 978-92-9409-091-1